AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 19.11.2025
JOIN(2025) 846 final

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata**

GA GA

*Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata*

***An tSoghluaisteacht Mhíleata mar chumasóir ríthábhachtach ullmhachta cosanta agus díspreagtha feabhsaithe***

Sa **chomhthéacs slándála domhanda** atá ag athrú go tapa, is cumasóir ríthábhachtach í an tsoghluaisteacht mhíleata don seasamh cosanta agus do na cumais chosanta atá ag teastáil go géar ón Eoraip chun a naimhde a dhíspreagadh go hinchreidte agus chun freagairt d'aon ghéarchéim. Cuireann sí le slándáil agus cosaint agus le hullmhacht an Aontais. Is bunchloch í freisin den chomhar idir an tAontas agus ECAT agus tá sí ríthábhachtach do thacaíocht an Aontais don Úcráin.

'Ní féidir an tsíocháin dhomhanda a chosaint gan iarrachtaí cruthaitheacha a dhéanamh atá comhréireach leis na contúirtí atá ag bagairt uirthi', mar a dhearbhaigh Schuman in 1950. Tá sé sin níos bailí ná riamh sa lá atá inniu ann. Chun an tsíocháin a áirithiú trí dhíspreagadh, ní mór do Bhallstáit an Aontais a bheith in ann a bhfórsaí armtha agus a dtrealamh míleata a bhogadh go rianúil, go tapa agus ar scála ar fud an Aontais agus lasmuigh de. Chuige sin, tá gá le **córas iompair dé-úsáide** atá in ann tacú leis an tsoghluaisteacht mhíleata agus, an tráth céanna, an suaitheadh a íoslaghdú agus tionchar an iompair sin ar an iompar sibhialtach a mhaolú agus, dá bhrí sin, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí ina hiomláine.

Cé go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta, tá **bacainní móra** fós ar an tsoghluaisteacht mhíleata éifeachtach san Aontas. Is minic a bhíonn na rialacha náisiúnta éagsúil, ilroinnte agus neamh-chomhchuibhithe — lena n-áirítear nuair a úsáidtear oibreoirí sibhialtacha le haghaidh seirbhísí iompair mhíleata — agus mí-oiriúnach don chomhthéacs slándála ina mairimid faoi láthair. Ní mór dúinn an t-iompar míleata a chomhordú ar bhealach níos fearr agus dlús a chur leis chun na saincheisteanna sin a dhíchur. Thairis sin, níl bonneagar iompair an Aontais oiriúnaithe go leordhóthanach do riachtanais dé-úsáidte. Tá an córas fós leochaileach do shuaitheadh agus do chibirionsaithe agus ionsaithe hibrideacha atá ag tarlú níos minice ná riamh. Ina theannta sin, tá cumais iompair amhail vaigíní gan ráillí agus báid farantóireachta dé-úsáidte — atá ríthábhachtach do ghluaiseachtaí míleata — gann. Nochtar leochaileachtaí criticiúla do líonra iompair an Aontais leis na saincheisteanna sin agus, ar an gcaoi sin, déantar dochar d'acmhainneacht slándála agus cosanta an Aontais, mar aon le hacmhainneacht na n-arm tacú leis an gcosaint shibhialta. Chuige sin, ní mór don Eoraip an cur chuige a athrú go soiléir agus na bacainní uile atá fós ann a bhaint.

Leis an bPáipéar Bán Comhpháirteach maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa — Ullmhacht 2030, agus lena aistriú chuig an Treochlár maidir le hUllmhacht Chosanta, sainaithnítear an tsoghluaisteacht mhíleata mar réimse tosaíochta cumais le haghaidh cosaint láidir Eorpach. Cé go bhfuil sé de shaoirse fós ag na Ballstáit a chinneadh an gceadófar d'fhórsaí armtha

eachtracha a gcríoch a thrasnú mar chuid dá slándáil agus cosaint náisiúnta, ní mór creat a bheith ag an Aontas le haghaidh na soghluaisteachta míleata lena n-aimseofar cothromaíocht idir riachtanais mhíleata agus shibhialtacha. Chuige sin, molann an Coimisiún agus an tArdionadaí tacar cuimsitheach beart chun an tsoghluaisteacht mhíleata rianúil ag a bhfuil **cur chuige 360°** a éascú, i ndlúthchomhar le ECAT. Is é is aidhm dó **Limistéar Soghluaisteachta Míleata uile-Aontais** a chur ar bun **faoi dheireadh 2027** mar chéad chéim i dtreo '**Schengen Míleata**' a bhaint amach de réir a chéile i réimsí rialála, bonneagair agus cumas.

***An dul chun cinn go dtí seo***

Le suaitheadh ollstruchtúr slándála na hEorpa tar éis ionradh na Rúise ar an gCrimé, agus a fogha míleata in aghaidh na hÚcráine ina dhiaidh sin, slógadh freagairtí an Aontais, na mBallstát agus na gcomhpháirtithe. Ó bhí 2017 ann, tá clár oibre tiomnaithe á shaothrú ag an Aontas chun an tsoghluaisteacht mhíleata a neartú. Sainaithníodh sraith beart chun dul i ngleic le bacainní fisiciúla, nós imeachta agus rialála ar ghluaiseachtaí míleata in dhá **Phlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata** in 2018 agus 2022. I n**Gealltanas 2024 maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata**, gheall na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann sa tsoghluaisteacht mhíleata.

Leis an **Rialachán athbhreithnithe maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (GTE-I) a fhorbairt** in 2024, cuirtear na Ballstáit faoi ghealltanas an tsoghluaisteacht mhíleata a chomhtháthú i mbeartas iompair na hEorpa, lena gcuirtear an gréasán tras-Eorpach iompair ar an mbealach i dtreo a bheith ina líonra dé-úsáide den chuid is mó. Chun infheistíochtaí i mbonneagair dé-úsáide ar an líonra sin amach anseo a threorú agus tosaíocht a thabhairt dóibh, ghlac an Chomhairle **ceithre chonair tosaíochta soghluaisteachta míleata ilmhódaí** le haghaidh gluaiseachtaí míleata ar gearrfhógra agus gluaiseachtaí míleata ar mórscála, mar aon le ceanglais chomhroinnte maidir le bonneagar míleata, i mí an Mhárta 2025. Leis na Conairí sin, beifear in ann comhar neartaithe agus pleanáil infheistíochta chomhleanúnach a dhéanamh idir na Ballstáit thar theorainneacha.

Tá gá le hinfheistíochtaí móra chun gréasán tras-Eorpach iompair a bhaint amach lena bhfreastalófar ar riachtanais shibhialtacha agus mhíleata araon. Faoin g**Creat Airgeadais Ilbhliantúil** (CAI) 2021-2027, tiomnaíodh buiséad EUR 1,69 billiún do bhonneagar iompair dé-úsáide a chomhchistiú tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), agus roghnaíodh 95 thionscadal bonneagair iompair dé-úsáide ar fud 21 Bhallstát. Ós rud é go raibh an t-éileamh ar chistiú ón Aontas i bhfad níos mó ná na hacmhainní a bhí ar fáil agus go raibh na glaonna uile ró-shuibscríofa go mór[1], mhol an Coimisiún i mí Iúil 2025 méadú faoi dheich ar an mbuiséad soghluaisteachta míleata faoi SCE laistigh den chéad CAI eile ó 2028 ar aghaidh. Ina theannta sin, go dtí deireadh thréimhse CAI atá ann faoi láthair, is féidir leis na Ballstáit ath-leithdháileadh chistí an Bheartais Chomhtháthaithe ar infheistíochtaí a bhaineann le cosaint —

[1] Bhí ráta ró-shuibscríofa 4,7 ag an tríú glao, arb é an glao críochnaitheach é, ar EUR 807 milliún le haghaidh tionscadail bhonneagair iompair dé-úsáide: rinne 22 Bhallstát iarratas agus 112 thionscadal acu (ar chomhchistiú iomlán iarrtha an Aontais de EUR 3,7 billiún)

agus dreasachtaí airgeadais má iarrtar sin faoi dheireadh 2025 — agus ionstraim SAFE a úsáid chun tionscadail bhonneagair dé-úsáide agus soghluaisteachta míleata a mhaoiniú.

Taobh le bonneagar, is cumasóirí criticiúla na soghluaisteachta míleata iad cumais iompair agus lóistíochta. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an bhfeasacht ar leibhéal an Aontais maidir leis na sócmhainní iompair atá ar fáil, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na cumais sin agus bearnaí cumais a dhúnadh ar fud an Aontais. Chun na cumasóirí sin a fheabhsú, thacaigh an tAontas le tionscadail maidir le córais malartaithe faisnéise digití, aeraistriú lasta ollmhór agus staidéir le haghaidh córais aeir a bheidh ann amach anseo tríd an g**Ciste Eorpach Cosanta**.

Cé go bhfuil iarrachtaí móra déanta ag na Ballstáit chun ailíniú a bhaint amach, bíonn moilleanna ann a mbíonn tionchar mór acu ar an tsoghluaisteacht mhíleata mar thoradh ar éagsúlacht na rialacha. Tá Socruithe Teicniúla forbartha ag an n**Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC)** agus ag na Ballstáit is rannchuiditheoirí le haghaidh nósanna imeachta um chead gluaiseachta trasteorann, agus é d'aidhm acu na rialacha sin a chomhchuibhiú agus a shimpliú. Mar sin féin, tá cur chun feidhme na Socruithe Teicniúla fo-optamach, agus tá gá le hathruithe ar chreat an Aontais chun comhchuibhiú a bhaint amach. Tá gá le digitiú chun luas agus éifeachtúlacht a mhéadú, agus chun rioscaí oibríochtúla a íoslaghdú.

Ar an iomlán agus d'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas, tá dúshláin fós ann. Is é sin conclúid na **Tuarascála Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le soghluaisteacht mhíleata an Aontais** freisin, lena leagtar amach go bhfuil torthaí measctha bainte amach ag cur chuige an Aontais i leith na soghluaisteachta míleata, agus go bhfuil sé ilroinnte agus nach bhfuil sé ceangailteach go leordhóthanach fós.

Leis an bPáipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa — Ullmhacht 2030, iarrtar go bhfeabhsófaí nascacht dé-úsáide lenár gcomharsana, go háirithe leis an Úcráin agus leis an Moldóiv. Síneann ceithre cinn de naoi gConair Iompair Eorpacha GTE-I isteach san Úcráin cheana féin agus téann ceann amháin isteach sa Mholdóiv, agus tá an chéad tacar d'infheistíochtaí tábhachtacha i mbonneagar dé-úsáide fós ar siúl. Mar shampla, le cuidiú comhchistithe ó SCE agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta, osclaíodh an chéad stráice iarnróid 22 km ar fad lena nasctar Iarthar na hÚcráine leis an tSlóvaic agus leis an gcuid eile de Lár na hEorpa i rianleithead iarnróid ainmniúil caighdeánach Eorpach i mí Mheán Fómhair 2025. An tráth céanna, tá oibreacha ullmhúcháin ar siúl chun rianleithead ainmniúil caighdeánach Eorpach a imscaradh ar na Conairí Iompair Eorpacha lena nasctar an Mholdóiv agus an Úcráin le Ballstáit an Aontais.

***Rialacha agus nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a oiriúnú le haghaidh gluaiseachtaí míleata níos tapúla***

Ní mór don Eoraip gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, tá bac fós ar an Aontas de bharr cineálacha cur chuige ilroinnte a dhéanann dochar dár gcumas trealamh agus pearsanra míleata a bhogadh ar fud na hEorpa. Leis an **staid atá ann faoi láthair**

**de rialacháin agus nósanna imeachta náisiúnta ilroinnte neamhréireacha agus constaicí maorlathacha**, cruthaítear scrogaill agus moilleanna criticiúla.

**Tá srian fós ar iompar míleata trasteorann**, go háirithe ós rud é nach gcuirtear rialacha an Aontais i bhfeidhm maidir le hiompar míleata nó nach gcuirtear i bhfeidhm go comhleanúnach iad, go bhfuil éagsúlachtaí idir rialacháin náisiúnta, agus nach dtugtar tosaíocht leordhóthanach d'iompar míleata. Ní mór d'oibreoirí sibhialtacha atá ar conradh ag an arm rialacha sibhialtacha a chomhlíonadh, ar rialacha iad nach bhfuil oiriúnaithe do riachtanais iompair mhíleata. Ina theannta sin, tá ceanglais i bhfad níos déine ag baint le hoibríochtaí iompair mhíleata ná mar atá ag baint le hoibríochtaí iompair shibhialtaigh. Comhroinneann fórsaí míleata bonneagar agus feithiclí le hoibríochtaí iompair shibhialtaigh freisin, rud a chruthaíonn riachtanais iomaíocha. Bíonn **moilleanna, neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla, scrogaill chriticiúla agus srianta acmhainneachta** mar thoradh air sin.

Is minic a bhíonn nósanna imeachta imréitigh taidhleoireachta casta agus páipéarbhunaithe, agus amlínte fada formheasa ag gabháil leo. Mar shampla, tá éagsúlacht mhór ann maidir leis an am is gá chun **ceadanna trasteorann** a fháil le haghaidh iompar míleata, agus éilíonn roinnt Ballstát 45 lá réamhfhógra, méid atá i bhfad níos faide ná na **3 lá oibre** chun ceadanna a thabhairt a gealladh i nGealltanas 2024 maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata. Ina theannta sin, d'fhéadfadh cur i bhfeidhm foirmiúlachtaí custaim moilleanna a chruthú mura n-úsáidtear na simplithe custaim iomchuí, amhail Foirm 302 AE nó Foirm 302 ECAT.

Thairis sin, is minic a bhíonn **earraí contúirteacha agus ualaí neamhghnácha** i gceist le hiompar míleata, rud a éilíonn pleanáil leormhaith chun oibriú sábháilte a áirithiú (mar shampla, chun armlón agus trealamh trom amhail tancanna a iompar). Mar sin féin, níl feidhm ag rialacha comhchuibhithe an Aontais i ndáil le hearraí contúirteacha maidir le hiompar míleata, agus tá na próisis le haghaidh ualaí neamhghnácha mall agus éagsúil. Dá bhrí sin, déantar bealaí agus socruithe sábháilte a oibriú amach ar bhonn *ad hoc* idir Ballstáit aonair, údaráis áitiúla agus bainisteoirí bonneagair, agus tógann sé roinnt mhaith seachtainí uaireanta.

Tá an fhreagracht as na próisis a bhaineann leis an tsoghluaisteacht mhíleata ilroinnte laistigh de na Ballstáit, agus tá sí neamhréireach eatarthu. Tá obair déanta ag **tionscadal an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO) maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata**, ina bhfuil 30 tír rannpháirteach, chun aghaidh a thabhairt air sin, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt air trí líonra Pointí Teagmhála le haghaidh soghluaisteacht mhíleata a chruthú ar an leibhéal náisiúnta.

Níl na hacmhainneachtaí ag na Ballstáit aonair chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ní leor na hiarrachtaí náisiúnta agus na bearta neamhcheangailteacha chun an phráinn agus an tsoiléireacht a éilítear le tírdhreach geopholaitiúil luaineach a bhaint amach. Tá gá le dul chun cinn substaintiúil chun dlús a chur le luas agus scála shoghluaisteacht mhíleata an Aontais.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sistéamacha sin, tá **cur chuige aontaithe** ag teastáil ón Aontas atá comhtháite san *acquis* iompair níos leithne, agus atá saincheaptha

d'éilimh uathúla na n-oibríochtaí míleata. Chuige sin, molann an Coimisiún agus an tArdionadaí Pacáiste Soghluaisteachta Míleata.

Cuimseofar leis an bPacáiste tacar aonair rialacha maidir le nósanna imeachta trasteorann um chead iompair mhíleata, lena n-áirítear imréitigh taidhleoireachta agus iompar earraí contúirteacha agus lasta míleata rómhór/róthrom, agus agaí seachadta giorraithe agus teimpléid chaighdeánaithe le haghaidh iarrataí agus fógraí. Faoi láthair, ní mór ceadanna idir na Ballstáit a athnuachan gach bliain, ach tá gá le níos mó intuarthachta agus cobhsaíochta. Áiritheofar leis an tacar nua rialacha sin go mbeidh ceadanna bailí go dtí go gcúlghairfear iad agus áirítear deis leo a raon feidhme a leathnú. Tá sé d'aidhm ag na rialacha agus na nósanna imeachta feabhsaithe maidir le ceadanna trasteorann freisin dul chun tairbhe do ghluaiseachtaí míleata chomhghuaillithe ECAT nach den Aontas iad, nuair is ábhartha dár slándáil, agus a áirithiú nach sárófar leasanna slándála ná cosanta an Aontais ná a Bhallstát.

Teastaíonn rialacha agus amlínte comhchuibhithe ó na fórsaí armtha le haghaidh na socruithe teicniúla agus oibríochta don iompar — cibé acu a dhéanann a bhflít féin nó oibreoirí sibhialtacha é — lena soláthraítear soiléireacht maidir leis na bealaí is féidir leo dul, go háirithe i gcás earraí contúirteacha agus lasta neamhghnách, agus solúbthacht chun iompar míleata a choigeartú do chineál beacht aon ghéarchéime an tráth céanna. Molann an Coimisiún agus an tArdionadaí do na Ballstáit oibriú le chéile chun bealaí a phleanáil, lena n-áiritheofar ailíniú le hobair thionscadal PESCO maidir le **Líonra na Mol Lóistíochta san Eoraip agus Tacaíocht d'Oibríochtaí (NetLogHubs)** arb é is aidhm dó feabhas a chur ar phleanáil agus comhordú bonneagair. Leis na rialacha comhchuibhithe atá beartaithe ag an gCoimisiún, tacófar leis an gcomhordú feabhsaithe ardleibhéil sin i measc na mBallstát agus na ngníomhaithe ábhartha.

Chun iompar míleata a dhéanann oibreoirí sibhialtacha ('flít bán') a shimpliú i gcomhréir le hiompar míleata a dhéanann fórsaí míleata ('flít glas'), molann an Coimisiún faoin Rialachán laistigh den Phacáiste Soghluaisteachta Míleata seo **iompar míleata a dhíolmhú ó rialacha sibhialtacha áirithe** amhail **toirmisc tráchta saoire**, agus an fhéidearthacht a áireamh do na Ballstáit rialacha **cabatáiste** a chur ar fionraí i gcásanna áirithe.

Cruthaíonn **éagsúlacht i gcur chun feidhme náisiúnta rialacha custaim an Aontais** agus **úsáid neamhleor** foirmeacha iomchuí dearbhaithe custaim (i.e. Foirm 302 AE nó Foirm 302 ECAT) ag na hoibreoirí moilleanna inseachanta ar iompar earraí. Ba cheart d'oibreoirí **Foirmeacha 302 AE agus ECAT**, de réir mar is infheidhme, a úsáid mar réamhshocrú (ach amháin má tharscaoileann na húdaráis mhíleata iad i bhfabhar na ngnáthfhoirmiúlachtaí custaim), chun iompar trasteorann a chuíchóiriú agus tosaíocht a thabhairt do rialuithe custaim nuair is infheidhme. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir le húsáid agus láimhseáil Fhoirmeacha 302, d'fhéadfaí ceanglais sonraí agus foirmiúlachtaí custaim ábhartha a shonrú a thuilleadh le cur chun feidhme Chód Custaim nua an Aontais. Chun tionchar na bhfoirmiúlachtaí custaim cuíchóirithe a fheabhsú, ní mór forálacha ábhartha a phéireáil le bearta boga, amhail treoraíocht shoiléir a thabhairt agus oiliúint a chur ar fáil d'oibreoirí sibhialtacha, d'údaráis chustaim agus d'údaráis mhíleata.

Le **digitiú** na bpróiseas soghluaisteachta míleata, cuideofar le nósanna imeachta tapa agus comhordú níos fearr a áirithiú. Ba cheart cruthú uirlise digití aonair a bheartú chun próisis soghluaisteachta míleata trasteorann a láimhseáil. Leis an uirlis sin, dhéanfaí imréitigh taidhleoireachta a bhainistiú, socruithe iompair a rianú agus Foirm 302 AE dhigitithe a chuimsiú, agus d'éascófaí malartú agus stóráil faisnéise. Is tionscadal mór fadtéarmach é seo nach mór a thógáil de réir a chéile, lena n-ionchorprófar gnéithe custaim agus míleata, agus bheadh sé d'aidhm aige próisis a chuíchóiriú, agus tá módúlachtaí agus sonraíochtaí teicniúla aige atá le plé leis na Ballstáit. Thacaigh an Coimisiún le tionscadal maidir le próisis soghluaisteachta míleata a dhigitiú faoin gCiste Eorpach Cosanta a d'fhéadfadh fónamh mar cheann de na bloic thógála. An tráth céanna, tá dul chun cinn déanta ag GEC maidir le ceanglais chustaim a dhigitiú le haghaidh iompar míleata. Faoin gcéad CAI eile, mhol an Coimisiún comhpháirt shonrach maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata laistigh de thogra￼ an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le digitiú na bpróiseas soghluaisteachta míleata.

Leis na rialacha atá beartaithe sa Rialachán, **laghdófar moilleanna agus rioscaí oibríochtúla**, déanfar iad a ailíniú le gealltanas próiseála 3 lá an Aontais maidir le hiarrataí trasteorann ar iompar míleata agus feabhsófar ullmhacht cosanta trí ghluaiseachtaí trasteorann rianúla pearsanra agus trealaimh mhíleata a chumasú. Leis na rialacha, **méadófar comhsheasmhacht** agus **íoslaghdófar constaicí maorlathacha** a chuir bac le fada ar an tsoghluaisteacht mhíleata. Tabharfar an tAontas níos gaire do 'Schengen Míleata' leis sin.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an **Rialachán maidir le Saoráidí Seirbhísí Iarnróid** in 2026 chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé riachtanais iompair mhíleata agus an t-ionchur ó Fhoireann Mhíleata an Aontais á chur san áireamh an tráth céanna. Ar an gcaoi chéanna, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an **Rialachán maidir le hAersheirbhísí** in 2026 chun níos mó solúbthachta a cheadú maidir le srianta eisceachtúla aerthráchta a chur i bhfeidhm chun iompar míleata a éascú in aimsir shíochána. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún, i gcomhar le GEC, Eurocontrol ag gníomhú dó mar bhainisteoir líonra agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (GSEE), feabhas ar chomhordú míleata sibhialtach chun eitiltí míleata trasteorann a éascú trí **líonra aerfort dé-úsáide oiriúnach**, pointí nascachta trasteorann réamhshainithe, agus ionad ilfhreastail digiteach le haghaidh údaraithe a chur chun cinn. Tacófar leis sin trí mheastóireacht a dhéanamh ar an **Rialachán maidir le hÚsáid Sholúbtha Aerspáis** in 2026.

***Dlús a chur lenár gcosaint trí chreat éigeandála le haghaidh iompar míleata trasteorann***

I gcás géarchéimeanna, nuair a bhíonn cúrsaí ama ríthábhachtach d'aon fhreagairt, ní fhéadfaidh an Eoraip freagairt mhall a sheasamh. I gcásanna den sórt sin, ní féidir linn dul ar iontaoibh comhordú *ad hoc* agus dea-thoil náisiúnta. Ní mór dúinn plean soiléir agus lána tapa a bheith againn atá ullmhaithe dár bhfórsaí míleata. Dá uireasa, tá ár ndíspreagadh fós teoiriciúil.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún, mar chuid den Rialachán, **creat éigeandála le haghaidh iompar míleata trasteorann, an Córas Eorpach Freagartha Feabhsaithe um an tSoghluaisteacht Mhíleata**, lena ngníomhachtófar creat freagartha feabhsaithe comhordaithe le haghaidh iompar míleata trasteorann i gcás éigeandálaí nuair nach leor na nósanna imeachta caighdeánacha. Cumasófar leis bearta sealadacha urghnácha chun iompar míleata trasteorann feabhsaithe agus **rochtain tosaíochta do na fórsaí armtha ar bhonneagar, ar shócmhainní iompair agus ar sheirbhísí fíor-riachtanacha** a ráthú. Áireofar leis nósanna imeachta agus rialacha rialála aontaithe, **maoluithe agus díolúintí spriocdhírithe, bearta feabhsaithe ullmhachta agus dlúthpháirtíochta**, agus **athléimneacht mhéadaithe bonneagair**.

Is éard a bheidh sa Chóras Eorpach Freagartha Feabhsaithe um an tSoghluaisteacht Mhíleata creat éigeandála an Aontais le haghaidh iompar míleata, **lena neartófar a acmhainneacht freagairt go tapa agus go héifeachtach** do chásanna práinneacha agus suaitheadh ar thrácht sibhialtach a íoslaghdú, agus lena rannchuideofar le hullmhacht cosanta i gcás nach féidir freastal ar mhéadú atá ann cheana nó a bhfuil coinne leis ar mhéid, ar mhinicíocht ná ar luas an iompair mhíleata san Aontas faoi ghnáthrialacha iompair an Aontais nó mar gheall ar acmhainneacht líonra iompair an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle é a ghníomhachtú laistigh de 48 n-uair an chloig, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh arna tionscnamh ag Ballstát amháin ar a laghad. I gcás inar féidir, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Iompair um an tSoghluaisteacht Mhíleata atá beartaithe sa Rialachán.

Sa phróiseas sin, úsáidfidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí, an saineolas uile atá ar fáil, rachaidh sé i dteagmháil le ECAT trí fhormáidí comhaontaithe, agus cuirfidh sé ar an eolas é faoi ghníomhachtú, síneadh nó foirceannadh an Chórais Eorpaigh Freagartha Feabhsaithe um an tSoghluaisteacht Mhíleata. Leis an gcur chuige comhoibríoch sin, áirithítear comhsheasmhacht agus treisítear an idir-inoibritheacht idir sásraí freagartha an Aontais agus ECAT, rud a thacaíonn a thuilleadh le hullmhacht cosanta an Aontais.

Nuair a ghníomhachtófar an Córas Eorpach Freagartha Feabhsaithe um an tSoghluaisteacht Mhíleata, beidh feidhm ag rialacha speisialta. Don iompar míleata trasteorann, ní bheidh gá ach le fógra agus réamhfhógra laghdaithe aige maidir le gluaiseacht mhíleata, lena seachnófar nósanna imeachta caighdeánacha, cé is moite d'fhoirmiúlachtaí agus forálacha custaim. Fiú i gcás éigeandála, ní mór oibríochtaí iompair mhíleata a phleanáil chun a áirithiú go mbeidh ualaí rómhóra oiriúnach don bhonneagar, go n-iomprófar earraí contúirteacha go sábháilte, agus go mbeidh saoráidí ar fáil chun tacú le hiompar de bhóthar ar an mbealach. Ní mór na socruithe sin a shimpliú agus a thabhairt chun críche go han-tapa, agus úsáid á baint as bealaí réamhshocraithe i gcás inar féidir. Tabharfar **rochtain tosaíochta uile-Aontais ar líonraí iompair**, ar bhonneagar agus ar sheirbhísí gaolmhara do gach oibríocht iompair mhíleata, bíodh sin á déanamh ag an arm nó ag a chonraitheoirí (sibhialtacha). Thairis sin, déanfar foráil maidir le maoluithe a bhaineann le **rialacha cabatáiste, am tiomána agus tréimhsí sosa** le haghaidh iompar míleata a dhéanann oibreoirí sibhialtacha. Beidh iompar míleata díolmhaithe ó **shrianta tráchta** bunaithe ar fheidhmíocht chomhshaoil feithiclí nó bunaithe ar rialú cháilíocht an aeir agus rialú torainn a chuirtear i bhfeidhm ag aerfoirt agus ag calafoirt.

Féadfaidh feithiclí iarnróid oibriú ar bhealach níos solúbtha, lasmuigh dá limistéar úsáide údaraithe, agus déanfar bonneagar straitéiseach dé-úsáide a chosaint le bearta cosanta feabhsaithe.

Le Cód Custaim nua an Aontais atá beartaithe, d'fhéadfaí **nósanna imeachta custaim níos tapúla agus sonracha** a thabhairt isteach freisin le haghaidh géarchéimeanna ag teorainn chustaim an Aontais. Chun tacú le cur i bhfeidhm na bhforálacha custaim sin maidir le hoibríochtaí iompair mhíleata, forbróidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, i gcomhairle leis an gCoimisiún, prótacail sonracha agus nósanna imeachta sonracha chun foirmiúlachtaí custaim a bhrostú nuair a ghníomhachtaítear an Córas Eorpach Freagartha Feabhsaithe um an tSoghluaisteacht Mhíleata. Lena ghníomhachtú, cuirfear tús freisin leis an sásra bainistithe géarchéime custaim faoi Chód Custaim nua an Aontais, lena n-áiritheofar nósanna imeachta cuíchóirithe i gcásanna práinneacha. Tá gluaiseacht thapa soláthairtí bia míleata ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad tábhachtach chun trúpaí a chothú freisin, agus tacóidh rialacha an Chórais Eorpaigh Freagartha Feabhsaithe um an tSoghluaisteacht Mhíleata leis sin.

***Cur chuige i leith an bhonneagair a athrú: bonneagar iompair a chur in oiriúint do dhé-úsáid***

Tá gá le hinfheistíochtaí móra ar gach leibhéal chun bonneagar iompair na hEorpa a uasghrádú go caighdeáin dé-úsáide chun críoch sibhialtach agus míleata. Ós rud é gur minic a bhíonn conbhuanna míleata ar scála mór agus go mbíonn siad comhdhéanta d'fheithiclí rómhóra agus róthroma, **ní mór ár mbonneagar a chur in oiriúint d'iompar míleata neamhghnách den sórt sin**, go háirithe trí dhroichid agus tolláin iarnróid agus bóithre a threisiú agus a mhéadú agus trí acmhainneacht iompair a mhéadú go mór, go háirithe i gcalafoirt agus in aerfoirt. Beidh an t-aistriú chuig rianleithead ainmnithe caighdeánach agus feabhsuithe teicniúla eile chun iompar rianúil d'iarnród chuig gach cuid den Eoraip a chumasú ríthábhachtach freisin, mar aon le hathléimneacht ár mbonneagair chumarsáide agus soláthair fuinnimh a fheabhsú.

Mar ábhar tosaíochta, ba cheart na **ceithre chonair tosaíochta soghluaisteachta míleata** a uasghrádú go dtí na caighdeáin bonneagair a shocraítear le Riachtanais Mhíleata na Comhairle chun líonra soghluaisteachta míleata athléimneach oibríochtúil a chruthú. Ní mór don chaiteachas a bheith straitéiseach agus é a dhíriú ar na mórphointí tachta ar dtús, agus a bheith bunaithe ar mheasúnú ar fheidhmiúlacht na gconairí.

Chuige sin, sainaithníodh **500 tionscadal 'teophointe'**, a bhfuil riachtanais infheistíochta acu a mheastar faoi láthair a bheith thart ar EUR 100 billiún le haghaidh idirghabháil phráinneach ar na ceithre chonair, i gcomhar leis na Ballstáit cheana féin. Beidh feabhsuithe tapa ar na conairí mar thoradh ar na hinfheistíochtaí spriocdhírithe agus thar a bheith gearrthéarmach sin, agus ní mór iad a chur chun feidhme ar bhonn tosaíochta le bheith oibríochtúil. Trí chruinnithe tráthrialta conairí a chur ar bun agus a stiúradh, oibreoidh an Coimisiún, agus tacaíocht aige ón Ardionadaí agus i gcomhairle le ECAT, leis na Ballstáit **trí Choiste GTE-I**[2] chun a áirithiú go

[2] Mar a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1679

ndéanfar na hinfheistíochtaí criticiúla sin go tapa agus i gcur chuige comhordaithe comhleanúnach conairí, lena n-áiritheofar píblíne fhónta aibí tionscadal.

Chun tacú leis na hinfheistíochtaí sin, leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh **an chéad CAI eile (2028-2034)**, cuirtear chun cinn méadú faoi dheich ar an mbuiséad a bheidh ar fáil don tsoghluaisteacht mhíleata, agus buiséad beartaithe EUR 17,65 billiún faoin t**Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)** le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar iompair dé-úsáide GTE-I. D'fhéadfaí codanna dé-úsáide náisiúnta GTE-I a chomhlánú le hinfheistíochtaí faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí atá beartaithe. Thairis sin, mhol an Coimisiún, mar cheann de chuspóirí ginearálta an **Chiste Eorpaigh um Iomaíochas** a bheidh ann amach anseo, bonneagar trasteorann agus criticiúil de chuid an Aontais a fhorbairt atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais, go háirithe bonneagar fuinnimh agus iompair, digiteach agus slándála, cosanta agus spáis, mar aon le bonneagar sóisialta agus sonraí agus seirbhísí gaolmhara. Le hionstraim **InvestEU CEI**, féadfar tacú a thuilleadh le hinfheistíochtaí bonneagair dé-úsáide trí iasachtaí agus ráthaíochtaí. Thairis sin, leagtar amach leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh CAI go bhféadfaí tacú le gníomhaíochtaí dé-úsáide leis an gcéad **Chlár Réime Fís Eorpach** eile, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin atá ábhartha don tsoghluaisteacht mhíleata.

Chun an líonra iompair soghluaisteachta míleata a oiriúnú do chaighdeáin mhíleata, ní mór **staid an bhonneagair iompair atá ann faoi láthair a mhapáil** go cruinn in aghaidh riachtanais mhíleata. Áiritheofar leis sin go mbeidh infheistíochtaí spriocdhírithe go maith agus comhréireach leis na háiteanna ina bhfuil na fíor-riachtanais. Cuirfidh an Coimisiún dlús le staidéir leanúnacha ar staid na dtollán agus na ndroichead san Aontas agus ar infhaighteacht acmhainneachta dé-úsáide ag calafoirt agus aerfoirt an Aontais. Ina theannta sin, in 2026, déanfaidh an Coimisiún, agus tacaíocht aige ón Ardionadaí, ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus ó bhainisteoirí bonneagair iarnróid, athmheasúnú ar theorainneacha fisiceacha an bhonneagair iarnróid ar na conairí tosaíochta soghluaisteachta míleata chun iompar lasta rómhóir/róthrom a éascú.

Ar bhonn níos ginearálta, déanfaidh an tArdionadaí[3], agus tacaíocht aige ón gCoimisiún agus i ndlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí iompair Eorpacha ábhartha agus le GEC, agus i gcomhairle le ECAT, **athmheastóireacht ar na caighdeáin bonneagair iompair atá i Riachtanais Mhíleata na Comhairle**, agus riachtanais theicniúla iompair an Aontais a ailíniú a mhéid is féidir.

Agus na hiarrachtaí sin á gcomhlánú aige, oibreoidh an Coimisiún leis an Ardionadaí agus le páirtithe leasmhara tionscail chun **dearadh táirgí agus toisí feithiclí míleata agus trealaimh mhíleata a bharrfheabhsú**, go háirithe chun iad a iompar ar bhealach níos éasca i bhfianaise theorainneacha an líonra iompair, agus úsáidfidh sé a uirlisí soláthair chomhpháirtigh agus airgeadais chun tacú le cur chun feidhme na gcaighdeán feabhsaithe sin maidir le dearadh táirgí.

[3] lena n-áirítear Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh

***Feabhas a chur ar athléimneacht ár mbonneagair***

Chun an tsoghluaisteacht mhíleata rianúil a chumasú agus a chothú, ní mór do líonra iompair na hEorpa agus dá shócmhainní a bheith athléimneach agus oibríochtúil. Ní mór ár mbonneagar a chosaint, ní hamháin toisc gur bonn ann féin é d'fheidhmiú ár margaidh inmheánaigh, ach toisc go bhfuil sé fíor-riachtanach dár ndíspreagadh, dár slándáil agus dár gcosaint freisin. Le tionchair aonair ar nóid bhonneagair chriticiúla, féadfar éifeachtaí forleathana a bheith ar an líonra ina iomláine. Chuige sin, tá gá le cur chuige uile-ghuaise chun an líonra a chosaint.

Cé go leagtar amach leis an **Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil**[4] ceanglais chomhchuibhithe chun athléimneacht eintiteas criticiúil an Aontais a fheabhsú, is gá cosaint ar leith a dhéanamh ar bhonneagar atá ríthábhachtach don tsoghluaisteacht mhíleata. Chun é a chosaint a thuilleadh, molann an Coimisiún próiseas a chur ar bun do na Ballstáit chun **bonneagar straitéiseach dé-úsáide** a shainaithint. Ar bhonn**bosca uirlisí comhroinnte de bhearta athléimneachta agus cosanta** a théann níos faide ná ionstraimí na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, beidh na Ballstáit in ann a áirithiú go mbeidh bonneagar straitéiseach iompair, fuinnimh agus cumarsáide athléimneach in aghaidh gach guaise agus go leanfaidh sé de bheith oibríochtúil. Mar a fógraíodh sa Pháipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta, áirítear leis sin bearta níos láidre chun rioscaí a bhaineann le h**úinéireacht nó rialú eachtrach bonneagair dé-úsáide straitéisigh** a mhaolú, mar aon leis an bhféidearthacht do na Ballstáit rialú a dhéanamh go sealadach ar bhonneagar, trealamh agus sócmhainní tábhachtacha.

Tá sé ríthábhachtach líonraí bonneagair idirnasctha a chosaint, ar líonraí iad a bhfuil rioscaí méadaitheacha rompu ó chibirionsaithe agus ó bhagairtí hibrideacha. Cuireadh i dtábhacht le teagmhais a tharla le déanaí, amhail na hionsaithe hibrideacha ar aerfoirt lárnacha sa Ghearmáin agus sa Danmhairg agus ar an gcóras iarnróid sa Fhrainc, a thábhachtaí atá beartas aontaithe an Aontais chun athléimneacht agus feasacht staide mhíleata shibhialtach chomhroinnte a neartú. Le córais bhonneagair nach ndéantar a choinneáil ar bun ná a uasghrádú go leordhóthanach, méadaítear rioscaí, rud a chuireann é ar a gcumas do chibearghníomhaithe mailíseacha cur isteach go cianda ar shábháilteacht traenach, agus tá méadú ag teacht ar na cibirionsaithe atá roimh an earnáil mhuirí, rud a chuireann slabhraí soláthair agus oibríochtaí calafoirt i gcontúirt. Tá cumarsáid satailíte faoi rialú an Aontais criticiúil chun cumarsáid rialtais shlán agus comhordú míleata fíor-ama a sholáthar nuair a theipeann ar líonraí trastíre. Féadfar rannchuidiú le bonneagar criticiúil a chosaint le sócmhainní muirí freisin. Tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfaidh na heintitis a bhainistíonn bonneagar straitéiseach dé-úsáide bearta cibearshlándála mar a leagtar amach sa **dara Treoir NIS**.

Leis an róspleáchas ar dhíoltóirí ardriosca, méadaítear an nochtadh a thuilleadh, rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le soláthar comhpháirteanna bonneagair a éagsúlú ionas nach gcruthófar raonta inionsaithe aonfhoirmeacha le haghaidh cibirtheagmhais mhórscála. Leis an

[4] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle

athbhreithniú atá ar na bacáin ar an nGníomh um Chibearshlándáil, cuideofar le cibear-athléimneacht na slabhraí soláthair le haghaidh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide san Eoraip a neartú. Thairis sin, chun bagairt na trasnaíochta raidió a chomhrac, déanfaidh an Coimisiún, agus cúnamh á thabhairt ag GSEE, Foireann Mhíleata an Aontais agus GEC dó, measúnú ar an ngá atá le reachtaíocht ábhartha an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, chun athléimneacht na gcóras aerthráchta, lena n-áirítear na córais cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais, a fheabhsú in aghaidh trasnaíochtaí neamhdhleathacha. Ina theannta sin, oibreoidh an Coimisiún, agus tacaíocht aige ó ERA, chun stóinseacht an chórais bainistithe tráchta iarnróid a neartú ar bhealach comhchuibhithe chun oibríochtaí leanúnacha a áirithiú i gcásanna sabaitéireachta nó teipe córais eile. Cuirfear **próisis tástála struis chomhordaithe** i bhfeidhm faoi 2029 chun é sin a éascú.

Ar deireadh, braitheann an tsoghluaisteacht mhíleata san Eoraip go mór ar rochtain iontaofa **ar bhreoslaí leachtacha agus ar bhonneagar fuinnimh**, ach tá rioscaí nua agus spleáchais ar allmhairí á gcruthú ag an laghdú réamh-mheasta ar an éileamh sibhialta ar bhreoslaí iontaise agus ag dúnadh scaglann. Tá aghaidh á tabhairt ag an Aontas ar scrogaill soláthair fuinnimh. Mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcreat slándála fuinnimh, lena n-áirítear an Treoir maidir le Stoc Ola, chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnuithe le haghaidh breoslaí inbhuanaithe, chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a mhaolú agus chun ullmhacht soghluaisteachta míleata a fheabhsú trí athléimneacht fuinnimh fheabhsaithe. Tá an tAontas agus ECAT ag obair go dlúth le chéile chun sineirgí idir na hearnálacha sibhialta agus míleata a fhiosrú maidir le soláthar breosla, chun conairí breosla amach anseo a shainaithint, slabhraí soláthair a mhapáil, agus rochtain ar stoic bhreosla i gcásanna éigeandála a áirithiú.

Agus an méid sin á chomhlánú, is deis mhór iad iarrachtaí an Aontais táirgeadh agus úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus breoslaí muirí inbhuanaithe a chur chun cinn chun borradh a chur faoin tslándáil fuinnimh d’fhórsaí armtha na mBallstát agus don earnáil shibhialta araon. Cuirfidh an Coimisiún táirgeadh **méadaithe breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus breoslaí muirí inbhuanaithe** chun cinn, lena n-áirítear in **acmhainneachtaí táirgeachta scaipthe** más féidir, chun athléimneacht agus slándáil fuinnimh a fheabhsú. Beidh ról tábhachtach ag an bPlean Infheistíochta um an Iompar Inbhuanaithe a glacadh le déanaí chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhéadú breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus breoslaí muirí inbhuanaithe.

***Ullmhacht, dlúthpháirtíocht agus infhaighteacht cumas iompair a fheabhsú le haghaidh soghluaisteacht mhíleata***

I ngéarchéim Eorpach, **ní féidir le Ballstát amháin gluaiseacht ina aonar**. Nuair a bhíonn bearnaí sa chumas iompair roimh na Ballstáit, cuirtear bac ar a gcumas gníomhú. I gcás ina bhfuil infhaighteacht cumas iompair gann, teastaíonn sásraí **dlúthpháirtíochta** uile-Aontais uainn, lena gcomhroinnfear sócmhainní an Aontais, agus lena n-áiritheofar go mbeidh a fhios againn cad iad na cumais iompair dé-úsáide atá ar fáil ar fud an Aontais.

Tá GEC ag obair faoi láthair chun bearnaí cumais san iompar ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre a shainaithint. Is féidir linn cur leis an eolas sin agus céimeanna coincréiteacha á nglacadh againn chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí.

D'éirigh le roinnt Ballstát **tionscnaimh 'chomhthiomsaithe agus chomhroinnte'** a chur chun feidhme maidir le hacmhainneachtaí iompair agus lóistíochta, go háirithe i réimse an aeraistrithe straitéisigh, an iompair uiscí dromchla intíre agus an mhuiriompair. Mar sin féin, tá na tionscnaimh sin ilroinnte agus teoranta.

Chun cur leo sin, molann an Coimisiún **'Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta Soghluaisteachta Míleata'** a bhunú. Cumhdófar leis sin cumais iompair ar fud na modhanna iompair uile agus féachfar lena gcur ar fáil do na Ballstáit uile. Cinnfidh an Coimisiún, agus tacaíocht aige ón Ardionadaí agus i gcomhairle leis na Ballstáit, an bealach is oiriúnaí chun an comhthiomsú a oibríochtú, a bhainistiú agus a chomhordú. Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún, faoi threoraíocht an Ghrúpa Iompair um an tSoghluaisteacht Mhíleata, na cineálacha cumas iompair atá le comhthiomsú a shainaithint agus a n-idir-inoibritheacht a áirithiú.

Faoin tionscnamh sin, beidh na Ballstáit in ann a n-acmhainneachtaí féin le haghaidh iompar míleata, mar aon leo siúd atá ar conradh le hoibreoirí sibhialtacha, a chlárú go deonach. Cuirfear na hacmhainneachtaí cláraithe ar fáil do na Ballstáit uile, rud a fheabhsóidh a gcumas oibríochtaí iompair mhíleata a dhéanamh. Ina theannta sin, beidh an tAontas in ann **cumais bhreise iompair agus lóistíochta a chlárú** sa chomhthiomsú agus cumais chonarthacha a áireamh. Agus an tionscnamh sin á chomhlánú faoin Rialachán, cuirfidh **Cúlchiste Aistrithe Straitéisigh** ar a gcumas d'oibreoirí sibhialtacha acmhainneachtaí iompair (go háirithe aeraistriú agus muiraistriú) a chur i leataobh lena n-úsáid ag an Aontas nó ag na Ballstáit i gcásanna eisceachtúla.

Chun na hacmhainneachtaí atá ann cheana a leathnú, agus chun comhroinnt agus comhthiomsú acmhainneachtaí a dhreasú, ba cheart don Choimisiún tacú freisin le **soláthar cumas nua iompair soghluaisteachta míleata agus lóistíochta** agus cuidiú leis na Ballstáit ualach na gcostas úsáide, na gcostas cothabhála, agus na gcostas oiliúna pearsanra a bhaineann leis an gcomhthiomsú a chomhroinnt. Thairis sin, faoin gcéad CAI eile, mhol an Coimisiún, laistigh de CEI, go bhféadfaí soláthar trealaimh iompair agus lóistíochta a dhreasú go háirithe agus cuidiú leis na Ballstáit iad a rochtain.

Tabharfaimid infheictheacht níos fearr dár bhfórsaí armtha freisin maidir leis na hacmhainneachtaí iompair shibhialtaigh atá ann cheana, rud a fheabhsóidh a bpleanáil agus ar a gcur i gcrích soghluaisteachta míleata. Ceanglóidh an Coimisiún ar na Ballstáit **rochtain a thabhairt dá bhfórsaí armtha ar chlárlanna feithiclí agus aerárthaí atá ann cheana** agus rialacha nua a leagan amach freisin chun feithiclí iarnróid dé-úsáide a shainaithint ar bhealach níos fearr. Breithneoidh an Coimisiún bearta breise chun a áirithiú go dtabharfar forbhreathnú cuimsitheach ar leibhéal an Aontais ar na hacmhainní agus ar an saineolas atá ar fáil.

Ina theannta sin, molfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí freisin '**catalóg soghluaisteachta míleata**' a chruthú, ina bhféadfaidh gnólachtaí Eorpacha a n-acmhainneachtaí agus a seirbhísí ábhartha le haghaidh iompar míleata a thaispeáint, rud a thabharfaidh forbhreathnú soiléir dár bhfórsaí armtha ar na seirbhísí Eorpacha a d'fhéadfaidís a úsáid.

Mar thoradh ar acmhainneachtaí ganna, féadfaidh Ballstát **réamhchonradh a thabhairt** dóibh siúd atá curtha in áirithe cheana féin ag Ballstát eile. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le háirithint dhúbailte féideartha den sórt sin, molaimid go gceanglófaí ar oibreoirí sibhialtacha na Ballstáit a choinneáil ar an eolas faoi chásanna den sórt sin. Le bheith réidh chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna is measa, ba cheart creat a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit uile chun **rialú sealadach a dhéanamh ar an trealamh is gá le haghaidh oibríochtaí iompair mhíleata**, agus chun cúnamh a thabhairt do Bhallstáit eile freisin.

D'fhéadfadh an t-éileamh méadaitheach ar iompar míleata agus ar tháirgeadh trealaimh cosanta brú a chur ar na hacmhainneachtaí dé-úsáide atá ann cheana, rud a chuirfeadh seachadadh tráthúil agus éifeachtacht iompair mhíleata i mbaol. Mhol an Coimisiún faoin gcéad CAI eile go bhféadfaí **tacú le leathnú acmhainneachtaí tionsclaíocha le haghaidh táirgeadh trealaimh soghluaisteachta míleata** mar aon le hoiliúint, athsciliú agus uas-sciliú pearsanra chun infhaighteacht pearsanra oilte a fheabhsú chun táirgí cosanta a iompar.

Ina theannta sin, bealach eile chun infhaighteacht na sócmhainní iompair a mhéadú do na fórsaí armtha is ea níos mó sócmhainní iompair a mhonarú ar bhonn cur chuige '**dé-úsáide trí dhearadh**', agus caighdeáin dé-úsáide a fhorbairt atá oiriúnach d'fheidhmeanna míleata agus sibhialtacha agus nósanna imeachta deimhniúcháin a shimpliú mar thaca leis. I gcomhlántacht leis an Rialachán, cuirfidh an Coimisiún, i gcomhar le GEC, de chúram ar a Ghníomhaireachtaí ábhartha (GSEE, EMSA agus ERA) agus ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin dé-úsáide a fhorbairt le haghaidh sócmhainní iompair criticiúla na soghluaisteachta míleata agus, ar an gcaoi sin, comhsheasmhacht a áirithiú le caighdeáin ECAT maidir le sócmhainní iompair agus leis na ceanglais arna dtabhairt cothrom le dáta maidir le bonneagar dé-úsáide. Áiritheofar leis sin idir-inoibritheacht agus comhleanúnachas uile-Aontais le tosaíochtaí an Aontais maidir le cumas cosanta.

I bhfianaise ról méadaithe drón, tacóimid le **líonra AE de lárionaid tástála drón cosanta sibhialta** a bhunú chun borradh a chur faoin nuálaíocht, agus tionscnaimh leanúnacha de chuid an Aontais, amhail iad siúd a leagtar amach faoin Straitéis Eorpach um Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta, á ngiaráil. Ina theannta sin, forbrófar creat comhpháirteach drón chun dróin a chomhtháthú san aerspás agus chun oibríochtaí sibhialta agus míleata a áirithiú trí chaighdeáin agus nósanna imeachta coiteanna. Tá dul chun cinn mór déanta ag an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach i dTeachtaireacht 2023 maidir le cur in aghaidh bagairtí a bhaineann le dróin[5]. Cruthóimid freisin creat rialála Eorpach le

[5] COM/2023/659 TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA maidir le cur in aghaidh na mbagairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le dróin

haghaidh teicneolaíochtaí córas in aghaidh aerárthaí gan foireann (C-UAS), oibreoimid ar mhodheolaíocht a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht córas drón atá bunaithe ar IS agus forbróimid creat deimhniúcháin comhchuibhithe le haghaidh dróin mhóra trí bhun-Rialachán GSEE a leasú.

Molann an Coimisiún freisin bun-Rialachán GSEE a mhodhnú chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá leis an bhféidearthacht a thabhairt isteach, do na Ballstáit nó do GSEE, **boscaí gainimh rialála** a bhunú d'fhonn dearadh, forbairt agus tástáil táirgí eitlíochta nuálacha a chumasú i bhfíorthimpeallacht. In éagmais na ndeiseanna sin, cuirfear bac mór nó moill mhór ar fhorbairt agus ar mhonarú na dtáirgí sin atá bunaithe san Aontas, rud a fhágfaidh spleáchas ar sholáthraithe tríú tír.

Ceann de na saincheisteanna is ea an géarghá atá ann aghaidh a thabhairt ar **dheimhniú trealaimh**, go háirithe na dróin is mó le haghaidh na n-oibríochtaí a bhfuil an leibhéal is airde riosca ag baint leo. Ba cheart obair chomhpháirteach a dhéanamh idir GSEE agus údaráis eitlíochta míleata na mBallstát chun na ceanglais a shainiú.

***Comhordú éifeachtach agus cur chuige uile-rialtais a bhfuil rialachas láidir aige a áirithiú***

Tá rialachas, comhordú agus formhaoirseacht chuí fíor-riachtanach chun a áirithiú go ngluaiseann an Eoraip mar aon ní amháin nuair a ghluaiseann sí. Is bagairtí comhchoiteanna iad na bagairtí atá romhainn agus ní mór dár bhfreagairt a bheith comhchoiteann freisin. Baineann an tsoghluaisteacht mhíleata ní hamháin le hiompar, ach le cumas an Aontais gníomhú freisin.

Is cumasóir fíor-riachtanach é cur chuige uile-rialtais chun na bearta a áirítear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh creat uathúil maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata a chur chun feidhme go rathúil.

Molann an Coimisiún **Grúpa Iompair um an tSoghluaisteacht Mhíleata** chun comhordú agus stiúradh iarrachtaí na mBallstát a éascú agus chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún bearta éagsúla faoin Rialachán a chur chun feidhme. Tabharfar le chéile ann na Ballstáit, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), lena n-áirítear Foireann Mhíleata an Aontais agus GEC, agus beidh an Coimisiún ina chathaoirleach air.

Agus na forálacha a bhaineann le líonra agus conairí iompair dé-úsáide na soghluaisteachta míleata á gcur chun feidhme, agus bonneagar straitéiseach iompair dé-úsáide á shainaithint, tacóidh **Coiste GTE-I agus Foireann Mhíleata an Aontais** leis an gCoimisiún.

Déantar an t-iompar míleata a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta faoi láthair ar bhonn *ad hoc*. Ceanglófar ar gach Ballstát '**Comhordaitheoir Náisiúnta um Iompar Míleata**' a ainmniú. Beidh an Comhordaitheoir sin freagrach as comhordú agus comhar inmheánach rianúil a áirithiú i measc na bpáirtithe leasmhara náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ábhartha uile a bhfuil baint acu le hoibríochtaí iompair mhíleata, go háirithe le linn ghníomhachtú an Chórais

Eorpaigh Freagartha Feabhsaithe um an tSoghluaisteacht Mhíleata. Beidh an saineolas teicniúil agus an inniúlacht riaracháin ábhartha ag an gComhordaitheoir sin freisin chun cúnamh a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le foirmiúlachtaí custaim a chur i bhfeidhm.

Chun ullmhacht an Aontais a áirithiú, molann an Coimisiún measúnú tráthrialta trí '**Sheiceáil Ullmhachta Iompair Mhíleata**' bliantúil agus beartaíonn sé go bhféadfaí 'tástálacha struis' a eagrú, lena ndíreofar ar shaincheisteanna sonracha amhail foirmiúlachtaí custaim nó an t-idirghníomhú idir an gcosaint shibhialta agus an tsoghluaisteacht mhíleata, chun réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú. Díreofar leis na chéad tástálacha struis ar ghluaiseachtaí tapa cúnaimh mhíleata chuig an Úcráin agus chuig teorainneacha thoir an Aontais a áirithiú.

Tá snáithí oibre den tsoghluaisteacht mhíleata ann nach dtagann faoin rialachán atá beartaithe, lena n-áirítear an dianobair atá déanta go dtí seo ag an Aontas agus ag na Ballstáit maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata, go háirithe faoi chreataí PESCO agus GEC. **Déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Leas-Uachtarán bearta breise chun an obair sin a neartú, lena n-áirítear an obair maidir le comhordú, agus lánurraim á tabhairt do na Conarthaí agus do reachtaíocht infheidhme an Aontais.**

***Comhpháirtíochtaí atá ann cheana a dhoimhniú***

Leanfaidh an tAontas de chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha a neartú agus a leathnú a thuilleadh le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, bunaithe ar luachanna agus leasanna comhroinnte, trí Chomhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta. Is minic a chumhdaítear leo sin PESCO, GEC agus creataí eile a bhaineann le cosaint. Feabhsóidh an tAontas an rannpháirtíocht trí thionscadail PESCO maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata agus Mol Lóistíochta le comhpháirtithe déthaobhacha ábhartha.

Féachfaidh an tAontas freisin leis an gcomhar 'suaitheanta' le ECAT maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata a threisiú, i gcomhréir leis na treoirphrionsabail a comhaontaíodh idir an tAontas agus ECAT, agus sainchumais agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú an tráth céanna. Ar an iomlán, déanfar an caidreamh le ECAT maidir le hábhair soghluaisteachta míleata a threisiú agus beidh tionchar claochlaitheach aige a rachaidh chun tairbhe do na Ballstáit agus do chomhghuaillithe ECAT nach den Aontas iad. Chun malartú faisnéise a chur chun cinn, spreagfar cuirí frithpháirteacha chuig cruinnithe meithle chun trasfhaisnéisithe a sholáthar, agus iad dírithe go háirithe ar chruinnithe lóistíochta GEC agus ECAT. Iarrfaidh an tAontas ar ECAT páirt a ghlacadh i gcleachtaí boird maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata, ar choinníoll go n-urramófar prionsabal na cómhalartachta. Mar a tugadh faoi deara, déanfaidh an tAontas a threoraíocht maidir le húsáid Fhoirmeacha 302 AE agus ECAT a thabhairt cothrom le dáta.

Tá sé ríthábhachtach freisin do leasanna slándála an Aontais go gcuirfear forálacha an Rialacháin i bhfeidhm i dtíortha aontachais, go háirithe san Úcráin agus sa Mholdóiv. Sa

chomhthéacs sin, ba cheart ráta ailínithe Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála na dtíortha aontachais a chur san áireamh.

Cuirfear tairbhí substaintiúla ar fáil don Úcráin leis an Rialachán. Déanfaidh sé amhlaidh trí fheabhas a chur ar bhonneagar iompair dé-úsáide, trí rialacha maidir le hiompar trealaimh mhíleata a chuíchóiriú agus trí nósanna imeachta trasnaithe teorann ar fud na hEorpa. Leis na bearta sin, thacófaí le gluaiseacht níos tapa cúnaimh mhíleata i dtreo na hÚcráine agus theorainneacha thoir an Aontais. Leis na hiarrachtaí sin i dteannta a chéile, d'fhéadfaí cuidiú le hathléimneacht naisc lóistíochta na hÚcráine leis an Aontas a threisiú agus rannchuidiú le cuspóirí níos leithne maidir le slándáil agus cosaint na hEorpa a neartú.

Le cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, soláthraítear ceachtanna luachmhara don Aontas, do na Ballstáit agus do chomhpháirtithe maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata. Féadfaidh an Grúpa Iompair um an tSoghluaisteacht Mhíleata cuireadh a thabhairt don Úcráin, don Mholdóiv agus do thíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch mar bhreathnóirí, d'fhonn leas a bhaint as an taithí luachmhar atá aige leis an arm agus d'fhonn an Úcráin a ullmhú dá ballraíocht san Aontas amach anseo. Tá comhar príobháideach poiblí agus idirghníomhaíocht mhíleata shibhialta criticiúil chun freastal ar shoghluaisteacht mhíleata éifeachtach tríd an gcur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais, mar a bheartaítear sa Straitéis um Aontas na hUllmhachta. Trí chomhar a neartú — trí fhothú acmhainneachta, trí chumarsáid éifeachtach, trí phleanáil ullmhachta agus athléimneachta agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfreachnaimh — féadfar feabhas mór a chur ar ullmhacht agus ar chomhordú. Trí fheasacht níos fearr oibreoirí sibhialtacha agus údarás agus a n-ionchur a áirithiú, féadfar gluaiseachtaí agus nósanna imeachta trasteorann le haghaidh na soghluaisteachta míleata a chomhchuibhiú.

***Freachnaimh***

Neartófar soghluaisteacht mhíleata an Aontais le freachnaimh agus tástáil trí réimsí oibríochtúla, dlíthiúla agus bonneagair atá le feabhsú a shainaithint. **Le freachnaimh, bailíochtófar nósanna imeachta, cuirfear feabhas ar chomhordú i measc na mBallstát, feabhsófar idir-inoibritheacht le comhpháirtithe, agus ginfear ceachtanna chun bonn eolais a chur faoi bheartas, pleanáil agus infheistíocht.** Trí fhreachnaimh bheo, sainaithneofar leochaileachtaí féideartha sa phróiseas lóistíochta agus molfar réitigh ina dhiaidh sin chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin. Leis na hionsamhlúcháin sin, déanfar tástáil ar chomhlíontacht na gconairí tosaíochta in aghaidh na bpríomhchaighdeán míleata maidir le bonneagar iompair.

Ó 2026 ar aghaidh, déanfaidh an tAontas, i gcomhar leis na Ballstáit, freachnaimh bhliantúla soghluaisteachta míleata. Déanfar iad sin trí fhreachnaimh amhail Freachnaimh Mhíleata an Aontais (MILEX), freachnaimh poist ceannais (CPX) agus freachnaimh bheo mhíleata (LIVEX), a bheidh nasctha leis an Acmhainneacht Mhear-imscartha, agus trí pháirt a ghlacadh i bhfreachnaimh ilnáisiúnta, lena n-áirítear trí Fhreachnaimh Chomhthreomhara agus Chomhordaithe a eagróidh an tAontas agus ag ECAT.

*Conclúidí*

Is bagairtí comhroinnte iad na bagairtí atá romhainn agus ní mór dár bhfreagairt a bheith comhroinnte freisin. Is céim chinntitheach é an Pacáiste i dtreo na mbacainní atá fós ann ar an tsoghluaisteacht mhíleata a bhaint. Léirítear leis ár n-uaillmhian chomhchoiteann freagairt níos tapa agus cosaint níos fearr a thabhairt dár saoránaigh ar fud na mór-roinne. Leis an bPacáiste seo, tá sé d'aidhm againn iarrachtaí soghluaisteachta míleata a ailíniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn limistéar soghluaisteachta míleata uile-Aontais a bhaint amach de réir a chéile.

Is mithid gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh anois. Ní rogha é a thuilleadh limistéar soghluaisteachta míleata uile-Aontais a chruthú: is riachtanas é. Tá ár síocháin agus ár slándáil ag brath air.

Iarrtar ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa tacú leis na cuspóirí uaillmhianacha a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach seo agus oibriú le chéile chun iad a bhaint amach. Déanfar dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Phacáiste, agus comhroinnfear an fhaisnéis is déanaí leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa go tráthrialta chun dul chun cinn a áirithiú.

Iarrann an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí ar an gComhairle Eorpach an creat a chuirtear i láthair a fhormhuiniú agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar.